SOCHOTHÚ
eolas ar an gcomhshaol

www.enfo.ie

Tosaíonn sochothú ag baile

# An Bithréigiún: Ár nIonad i nDomhan na Nádúire

**Maireann gach naon i mbithréigiún, in áit a bhfuil teoranna nádúrtha á cinntiú, mar shampla cnoic agus aibhneacha, in áit atá mar dhúchas ag spéiceasaí áirithe planda agus cineálacha ainmhí.**

Coimsíonn an bithréigiún na hacfainní ar a mbraithimid chun an bhia a ithimid a sholáthar fara na habhair a úsáidimid chun déantúis, agus maraon lenár bhfoinsí fuinnimh agus lenár bhfíoruisce (chun óil). Is bithréigiún sláintiúil logánta ann é, an ceann a sholáthraíonn dá lonnaitheoirí mórchuid desna riachtanaisí a chothaíonn an bheatha.

Sin rud ná tarlaíonn as féin; ní mór dúinn fios fátha ár dtadhall leis an ndúlra a bheith againn agus tuiscint ar an slí ina dtéimid i bhfeidhm ar chumas an dúlra san ar ár riar a sholáthar. Is iondhéanta dhúinn maireachtaint i gcóngas leis an bplainéad chun leasa dúinn araon, ach ní tharlóidh sé seo go dtí go dtosóimid ar mhó oibre an dúlra a mheas go cruinn, seachas cloí le dearcadh féinlárnach. Ní mór dúinn tabhairt faoi cheacht d'fhoghlaim ón bhfuascailt is dúil don dúlra ar fhadhbanna na sochothaitheachta.

## Tarraingt Léarscáil do Bhithréigiúin

Ach suirbhéireacht chuí a dhéanamh ar an mbithréigiún, is féidir teacht ar mheabhair maidir le haimsiú na n-ionad mar is féidir táirge agus féinmhuinín na dúthaí a neartú. Nuair is eol dúinn cad iad na hacfainní atá faoin ár réir, agus cá bhfuil siad, beidh ar ár gcumas cinneadh ar chomhairlí feasacha faoi na saghasanna tráchta atá riachtanach dáiríre chun cur leis an dtáirge áitiúil.

- *Go minic isé droim scartha na n-uiscí is fearr a chomharthaíonn teora aon bhithréigiúin. Uiscedhroim a tugtar ar an limistéir talún a thaoscann an t-uisce isteach in abhainn nó i loch áirithe. In a leithéid de limistéar ceanglaíonn na dúla beo líonra dlúthchaidrimh chomhardaithe lena chéile. Féach an féidir leat uiscedhroim do dhúthaí féin a tharraingt ar an léarscáil agus bí ag faire ar na slite ina dtacaíonn na dúla beo leaistigh dá theorainn lena chéile.*
- *Déan suirbhéireacht ar bhláthú agus ar mhíolra, ar ghéolaíocht agus ar aeráid an limistéir is duthaigh duit. Bhfuil áiteanna ar an léarscáil ina mbeireann athraithe suaitheantasacha ar na heilimintí thuas?*
- *Anallód bhí an cultúr agus an dúlra i ndlúthcheangal le chéile. Togtaí foirgnimh le habhair agus le damhna áitiúla.agus caití éadach de dhéantús fhíochain snáithe de tháirge na dúthaí. Déan staidéar ar stair an chultúir i do cheantar, féach an nochtann difríochtaí idir an áit ina gcónaíonn tusa agus a leithéidí eile ar fuaid na hÉireann. Machtnaigh an gaol idir na difríochtaí seo – más ann dóibh – agus na hacfainní agus na habhair atá ar fáil go logánta.*

## An raibh Fhios Agat?

- *Nár tháinig slán ó dhísciú de fhoraois dhúchais na hÉireann sa fichiú haois ach 1%? (www.agriculture.gov.ie/forestry/files/lufrop.doc)*
- *Ón uair nach bhfuil ach 9% de líomataiste na hÉireann faoi choillte, gurab í Éire an tír is lú foraoise den gComhphobal Eorpach? (www.agriculture.gov.ie/forestry/files/lufrop.doc)*

Tosaíonn sochothú ag baile

## Gníomhaíocht

- ***Cuir tús le grúpa áitiúil léarscáilíochta:***
  *Chun aithne a chur thar n-ais ar na gnéithe nádúrtha a tharlaíonn leaistigh d'aon bhithréigiúin, níl beartú is eifeachtaí ná tús a chur le grúpa áitiúil léarscáilíochta. Tosaigh ar leibhéal íseal, le sruthán nó páirc, agus breac ar do mhapa na fáiseanna, na hacfainní nádúrtha maoine, na cineálacha ainmhí agus feithidí, cáilíocht na hithreach, i dteannta eolais ar aon mhionaeráidí logánta agus ar an uiscedhroim.*

- ***Déan fiosrú maidir le dinnseanchas Gaelach do cheantair chónaithe:***
  *Is minic a bheidh níos mó le hinsint ag seanainmeacha áitiúla ná mar a bhíonn ag ainmeacha a baisteadh ar an áit níos déanaí, ag bunaitheoirí cóilíneacha nó ag pleanálaithe baile.*

- ***Breac féilire de iompú na ráitheanna (na séasúr) faoi mar a nochtann siad iad féin i do dhúthaigh:.***
  *Déan fiosrúchán faoi imirce na n-éan, a dteacht agus a n-imeacht, agus faoi theacht na bplandaí dúchasacha i mbláth, d'fhonn féilire a fhorbairt ina mbeidh eolas dílis ar an áitreabh ina mbíonn tú.*

- ***Inis scéal na dúthaí agat:***
  *Foghlaim stair do bhithréigiúin idir nádúrtha agus daonna. Iompaigh ina scéal an stair sin a bheidh in ábhar suime don leanbh agus don duine fásta araon.*

- ***Aimsigh gné den bithreigiúin atá i ngátar sábhála*** *– ní bheidh an méid sin ró-dheacair! Comhoibrigh chun bealach uisce atá truaillithe a ghlanadh, nó comharsanacht atá meathlaithe, nó scoil nó páirc, nó fiantas beag aerach. Earcaigh foireann nó meitheal ar aon aigne leat féin a thiocfaidh le cheile chun oibre.*

## Fuascailt Sochothaithe

### Coilleadóireacht:

Teicníc é an choilleadóireacht chun fomhar adhmaid a shábháil ó chranna beo. Mar shampla, freagraíonn crainn de shaghas an choill go tairfeach ach iad a theascadh go dtí an stocán. Cuireann siad cuaillí adhmaid aníos atá ana-dhíreach ar fad agus ar féidir iad a bhaint agus a úsáid chun fálathóireachta agus tuilleadh

Téann seancheard na coilleadóireachta chun leasa don duine agus don fiadhúl mar fhuascailt ar fhadhbanna bithréigiúnda. Is mó mionghnó ó sholáthar fhiodhghuail go fomhar na muisiriún a bhainfeadh tairfe as bhainistíocht choille trí choill-eadóireacht. Fáth maith amháin é seo atá le caomhnú na ngnáthóg nádúrtha ar mhaithe le glúnta atá le teacht.

### Ceangail shóisialta:

Le haimsir tá faillí déanta in a lán de choilltearnach na hÉireann – sa mhéid arbh' ann fós di – ceal úsáide, in ainneoin a shuimiúla agus a bheadh coilltearnach churadóireachta don bpobal, agus in ainneoin go mbeadh teacht chomh saoráideach san ag an bpobal céanna ar a leithéid. Is fiú mórán an saghas seo bainistíochta ar choillte i dtéarmaí oideachais agus chaithimh aimsire.

### Ceangail chomhshaoil:

Sa la atá inniu ann níl ach 1% de thuath na hÉireann faoi adhmad dúchasach agus is mó spéiceas dúchasach atá i mbaol éaga ceal áitribh. Ach tacú le déantúisí na coilleadóireachta, is féidir aithris bainistithe a dhéanamh ar thimpeall fáis nádúrtha na foraoise, (timpeall lena mbaineann ioliomad gnáthóg idir ghrianmhar agus scáfar), agus bláthú a cheadú d'iolargacht na spéiceas.

### Ceangail Eacnamaíochta:

Ar na fiontracha ionmhartha a leanann an choillteoireacht tá déantús an fhiodhghuail, connadh chun tine (ó thanú crann), siúinéireacht throscáin agus cnósach fiabheatha. Is féidir le líonra de bhainistíocht choille freastal ar mhargaí áitiúla agus a lán fostaithe faoin dtuaith a chur ar fail. Soláthar a bheadh anseo a laghdódh costas agus truailliú an iompair.

Coimsíonn bithréigiún folláin flúirse planda agus ainmhí a gcomháitreabh; úsáideann sé na hacfainní maoine faoina réir ar chuma a shiúrálann táirge leanúnach uathu; aimsíonn a leithéid seo de bhithréigiún fuascailt áitiúil ar ghátar abhar tionscalaíochta agus deineann sé a chultúr féin agus a stair a chomóradh go gairdeasach. Dá bharr sin éiríonn an ceantar níos muiníní as féin agus is lúide sin a déanfar anspás ar fuaid na cruinne. Ar an am gcéanna déanfar ionaithe nua eacnamaíochta d'oscailt dosna háitritheoirí áitiúla.

## Acfainní

**Éire sochothaithe:**
Clár ar an líne den sochothú
(www.sustainable.ie/directory

**Institiúid Thalamhaí na hAbhann Móire**
Institiúid neamhbhrabúsach tiomanta do altrom athraithe idir phearsanta agus chultúrtha trí staidéar agus caibidil i measc an phobail ó fréimh aníos.
(www.greatriv.org/bioreg.htm

**Talamh coimín:**
Ceangal an dúlra le cultúr agus fócas ar an infheistíocht dhearfa is féidir do dhaoine a dhéanamh ina ndúthaí féinig. (www.commonground.org.uk/

**Scéal agus Láthair:**
An dearcadh domhanda á shaolú (alt le Ralph Metzner) www.rmetzner-greenearth.org/ecopsych.html

**Comhdháil na mBithréigiún:**
Comhdháil d'fhonn slí bheatha a shamhlú agus a shaothrú a bheidh réalaíoch aisbhronntach.
(www.bioregioncongress.org/

**Seanchéird na Coilleadóireachta:**
Agus eolas ar stair na teicníce sin.
(www.coppicing.com)

**Bainistíocht agus Athshaolú na bhFál:**
Coilleadóireacht agus móanna nach í chun fálta a bhainistíocht.
(www.teagasc.ie/publications/forestry/hedges.htm)

cultivate
sustainable living centre

*Arna chur ar fáil ag:*

Saothraigh – An Lárionad Marthana Sochothaithí, (Cultivate Sustainable Living Centre)
15 – 19 Sráid Essex Thiar,
Barra an Teampaill, BAC 8

ENFO

*Arna eisiúint ag:*
ENFO - Seirbhís Eolais an Chomhshaoil
17 Sráid Naomh Aindrias,
Baile Átha Cliath 2, Éire

Teil: ***(01) 8883910***
Lóghlaoch: **1890 200191**
Faics: **(01) 888 3946**
r-phost: ***info@enfo.ie***
***www.enfo.ie***

*Scríobh chuig nó tabhair cuairt ar ár nIonad ag an seoladh thuas nó féadfaidh tú na seastáin eolais ENFO ag Oifig d'Údaráis Áitiúil/Leabharlainne Contae a sheiceáil.*

*Seirbhís phoiblí saor in aisce is ea ENFO leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.*

*Arna chlóbhuaileadh ag Print and Promotions.*
*Teil: 087 2567205*

*Arna phriontáil ar pháipéar athchúrsáilte* Bealtaine 2005
*Sa bhaile a phréamhaíonn an sochothaitheacht.*
*Sraith 2 (as 10)*